**CINNEADH (AE) 2022/832 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Bealtaine 2022**

**lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú ([1]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 foráiltear go bhfuil 18 gcomhalta, chomh maith le comhaltaí malartacha, le ceapadh ag an gComhairle don Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar feadh tréimhse 3 bliana. Le haghaidh gach téarma oifige, déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ag an gComhairle ionadaíocht ar 18 mBallstát in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát lena mbaineann comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 foráiltear freisin go bhfuil comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta le ceapadh ar bhealach a áiritheoidh na caighdeáin inniúlachta is airde agus raon leathan saineolais ábhartha agus trasdisciplíneach i réimse an chomhionannais inscne, agus gur cheart díriú ar ionadaíocht chothrom idir fir agus mná ar an mBord Bainistíochta.

(3) Chuir Rialtais na hUngáire, na Polainne, na Danmhairge, na Cipire, na hÉireann, na Liotuáine, na Gréige, na hIodáile, na Laitvia, Lucsamburg, na hÍsiltíre, na Slóvaice, Mhálta, na hEastóine, na Bulgáire, na hOstaire, na Rómáine, agus na Fionlainne ainmniúcháin faoi bhráid na Comhairle chun na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a cheapadh don Bhord Bainistíochta don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar leis seo na daoine seo a leanas do Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025 chun ionadaíocht a dhéanamh do na Ballstáit lena mbaineann:

IONADAITHE RIALTAIS

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| an Ungáir | Ms Brigitta GYEBNÁR | Ms Rita NAGYLAKI |
| an Pholainn | Mr Paweł KOSMULSKI | Ms Karolina MICHALCZYK |
| an Danmhairg | Ms Kira UITTERDIJK APPEL | Mr Jeppe HOLM NIELSEN |
| an Chipir | Mr Stavros CHRISTOFI | Mr Alexandros ALEXANDROU |
| Éire | Ms Jane Ann DUFFY | Ms Deirdre NÍ NÉILL |
| an Liotuáin | Ms Jolanta SAKALAUSKIENĖ | Ms Greta TUMĖNIENĖ |
| an Ghréig | Ms Eleni NTALAKA | Ms Sophia NIKOLAOU |
| an Iodáil | Ms Laura MENICUCCI | Mr Stefano PIZZICANNELLA |

([1]) IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

| | | |
|---|---|---|
| an Laitvia | Ms Ieva JUHŅĒVIČA | Ms Agnese GAILE |
| Lucsamburg | Ms Maryse FISCH | Ms Valérie DEBOUCHÉ |
| an Ísiltír | Ms Esther VAN DIJK | Mr Michael NINABER VAN EIJBEN |
| an tSlóvaic | Ms Zuzana BRIXOVÁ | Mr Ján TOMAŠTÍK |
| Málta | Ms Annalise DESIRA | Ms Sasha Na Jeong FARRUGIA |
| an Eastóin | Ms Lee MARIPUU | Ms GEC Liina KLIIMAN |
| an Bhulgáir | Ms Irina IVANOVA | Ms Mila NIKOLOVA |
| an Ostair | Ms Jacqueline NIAVARANI | Ms Katja GERSTMANN |
| an Rómáin | Mr Dan MOLDOVAN | Ms Maria ULICAN |
| an Fhionlainn | Ms Tanja AUVINEN | Ms Eeva RAEVAARA |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. FESNEAU